



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

Teideal an Phoist & Réimse Ábhair	Oifigeach Riaracháin do Ghnóthaí Acadúla
Fad an Phoist	Conradh ar Chúis Sheasta do 24 mhí
Grád	Oifigeach Riaracháin
Ag tuairisciú do	Bainisteoir Gnóthaí Acadúla agus/nó Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne, de réir mar is gá

Réamhrá

Ollscoil chónaidhmeach is ea Ollscoil na hÉireann le ceithre chomh-ollscoil agus roinnt institiúidí ardoideachais eile a bhfuil stádas Choláistí Aitheanta acu. I gcoíll na hollscoile cónaidhmí, feidhmíonn OÉ mar fhóram do na ballinstitiúidí, cuireann sí seirbhísí acadúla ar fáil dóibh, agus bainistíonn sí clár lánacha agus cartlanna na hollscoile. Déanann OÉ raon leathan de ghníomhaíochtaí freisin d'fhonn gradam acadúil, an scoláireacht agus an taighde a chothú agus féachann sí le cur le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn.

Faoin Cairt, tá cumhacht ag OÉ coláistí ardoideachais a aithint, agus céimeanna agus cáilíochtaí eile a bhronnadh sna coláistí sin. Dá réir sin, tá freagrachtaí ag OÉ maidir le caighdeáin agus cáilíocht a dámhachtainí sna Coláistí Aitheanta sin. Is 'foras cáiliúcháin ainmnithe' í OÉ faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíuint) 2012.

Fáiltíonn OÉ anois roimh iarratais do chonradh sealadach dhá bhliain ar chúis sheasta don phost mar Oifigeach Riaracháin do Ghnóthaí Acadúla.

Conradh ar chúis sheasta do thréimhse dhá bhliain is ea é seo; mar sin ní bheidh forálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001, i bhfeidhm maidir le críochnú an chonartha seo áit nach dtarlaíonn an críochnú sin ach mar thoradh ar éag an téarma seasta sin.

Feidhm

Cuirfidh an tOifigeach Riaracháin do Ghnóthaí Acadúla leibhéal ard de thacaíocht riaracháin ghairmiúil agus onghníomhach ar fáil don Bhainisteoir Gnóthaí Acadúla agus/nó don Cheann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne i dtaca le:

- polasaithe, nósanna imeachta agus treoirínte i raon de réimsí acadúla
- nósanna imeachta OÉ i dtaca le dearbhú cáilíochta;
- punainn na gclár atá faofa ag OÉ i gColáistí Aitheanta;
- clár dámhachtainí agus deontas OÉ do mhic léinn bunchéime, dochtúireachta agus iardhochtúireachta.

Dualgais agus Freagrachtaí

Ag freagairt don Bhainisteoir Gnóthaí Acadúla (nó don Cheann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne nuair a bheidh an Bainisteoir Gnóthaí Acadúla as láthair), beidh an sealbhóir poist freagrach as raon de ghníomhaíochtaí forbartha agus tacaíochta laistigh den Ollscoil a áiríonn na nithe seo a leanas:

- Taighde, dréachtú agus eagarthóireacht ar an um gcáipéisíocht um polasaí, um nósanna imeachta agus um threoirlínte a bhaineann le gnóthaí acadúla na hOllscoile;
- Tuilleadh forbartha agus cur i bhfeidhm ar pholasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta (QA) laistigh de Choláistí Aitheanta OÉ; cuimsíonn sé seo dearbhú cáilíochta na gclár acadúla a bhfuil céimeanna OÉ agus cáilíochtaí eile mar thoradh orthu, chomh maith le dearbhú cáilíochta ag leibhéal institiúide, i gcomhréir le reachtanna OÉ agus reachtaíocht eanála;
- Obair ullmhúcháin a dhéanamh don athbhreithniú institiúide um dhearbú cáilíochta ar Ollscoil na hÉireann le déanamh ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, atá beartaithe don bhliain 2021;
- Comhairle ghairmiúil agus shainiúil a sholáthar don fhoireann sna Coláistí Aitheanta ar cheisteanna a bhaineann le gnóthaí acadúla na hOllscoile. Dé ghnáth d'áireodh sé seo réimsí a bhaineann le dearbhú cáilíochta, le dearadh na gclár le cur sa Chreat Náisiúnta Cáilíochta, úsáid na dtorthaí foghlama agus na gnásanna ainmnithe a bhaineann le cáilíochtaí OÉ.
- An Bainisteoir Gnóthaí Acadúla a chur ar an eolas faoi fhorbairtí i bpolasaithe agus treoirlínte um dhearbú cáilíochta (idir náisiúnta agus idirnáisiúnta) a bhaineann le freagrachtaí na hOllscoile faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012.
- Cur leis an bhforbairt ar ghníomhaíocht taighde i réimsí an pholasaí acadúil, dearbhú cáilíochta agus dámhachtainí acadúla, ag dul i gcaidreamh le baill foirne eile de chuid OÉ de réir mar is cuí;
- Tuairiscí ráithiúla a chruthú le cur faoi bhráid Sheanad OÉ maidir leis an gnó uile a bhaineann leis na Coláistí Aitheanta agus réimsí ábhartha eile mar a thugann an Cláraitheoir agus/nó an Ceann Seirbhísí Acadúla & Clárlainne le fios;
- Riarachán a dhéanamh ar roinnt de chomórtais dámhachtainí acadúla OÉ do mhic léinn i gcomh-ollscoileanna agus coláistí aitheanta OÉ;
- Dlúthchaidrimh oibre a chothú agus a choinneáil leis na comh-ollscoileanna agus le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha mar is cuí;
- Dualgais eile a chur i gcrích mar a shannfaidh an Bainisteoir Gnóthaí Acadúla agus/nó an Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne.

Scileanna agus cáilíochtaí

Ní mór don iarrthóir rathúil:

- Cáilíocht tríú leibhéal (CNC: Leibhéal 8), nó a coibhéis, a bheith acu, agus taithe chúí trí bliana ar a laghad a bheith acu i ról cosúil, de rogha in eanála oideachais na hÉireann nó na Ríochta Aontaithe;
- Táithí ábhartha riaracháin agus eagraíochta den scoth a léiriú;
- Scileanna cumarsáide den scoth, idir scríobh agus labhairt, a léiriú;
- Scileanna ardfhorbartha a bheith acu chun treoirlínte polasaí agus gnásúla atá sainithe go soiléir a dhréachtadh agus chun obair go cruinn le haird ar mhionsonraí;
- Ardleibhéal litearthachta ríomhaireachta a bheith acu le cumas cruthaithe chun doiciméid ghairmiúla a sholáthar, tuairiscí agus cuir i láthair san áireamh

- Cur chuige solúbtha a léiriú agus a bheith féin-tiomáinte, le cumas cruthaithe chun tionscnaíocht a léiriú agus comhoibriú a dhéanamh go héifeachtach le comhghleacaithe ag gach leibhéal;
- Cumas cruthaithe a léiriú chun tionscadail a scóipeáil, a phleanáil agus a bhainistiú, leis an gcumas obair go rathúil faoi sprioc-amanna.

Go hidéalach, beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil freisin:

- Cáilíocht iarchéime chuí
- Taithí agus saineolas ar thimpeallachtaí ardoideachais nó earnála poiblí, le heolas ar leith ar pholasaí acadúil agus/nó dearbhú cáilíochta.
- Eolas ginearálta faoi OÉ agus a struchtúir agus freagrachtaí reachtúla agus acadúla.

Téarmaí agus coinníollacha:

Tuarastal

- Beidh an pá tosaithe do dhaoine a earcófar chuig an ollscoil ag an scála a bhaineann leis an bpost sealadach mar Oifigeach Riaracháin - Scála OR UCD Tag 0172_X mar seo a leanas:

*€42,987, €44,871; €46,750; €48,604; €50,537; €52,489; €54,399; €56,419; €58,349.

*Cuirfear daoine a cheapfar gan aon taithí seirbhíse poiblí roimhe seo ar an gcéad pointe ar an scála thuas.

- Is féidir pá agus coinníollacha pinsin a bheith i bhfeidhm más rud é go bhfuil a té a cheapfar, laistigh de 26 seachtain díreach roimh an geapachán, ag freastal in áit eile sa tseirbhís phoiblí i bpost a bhfuil sé/sí ag íoc ráta ranníocaíochta ÁSPC Rang A, B, C nó D ina leith.
- Féadfar an ráta pá a leasú ó am go ham faoi réir Pholasaí an Rialtais.

Scéim Pinsin

- I gcoitinne, agus seachas d'iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin sna 26 seachtain roimh an gceapachán, beidh gach iontrálaí nua ar fhostaíocht inphinsin san Ollscoil ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag <http://per.gov.ie/wp-content/uploads/Single-Scheme-booklet-Final.pdf>
- Tá ballraíocht de Scéim Pinsin na hOllscoile éigeantach.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC)

- Tá an ceapachán seo faoi réir ag an "Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise" (ASC) a bhaineann le pinsin a asbhaint i gcomhréir le hAlt den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

Scéim Dhreasachta um Luathscor (ISER)

- Tá sé mar choinníoll ar an Scéim Dhreasachta um Luathscor (ISER) mar a leagtar amach i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09 go bhfuil cosc ar phinsinéirí, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht sin nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le pinsinéirí dá leithéid iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Dearbhú

- Beidh ar iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas roimhe seo as scéim seirbhíse poiblí do luathscor dreasaithe. Beidh ar iarrthóirí freisin dearbhú a dhéanamh maidir le teidlíochtaí ar bith do leas pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó caomhnaithe) ó fhostaíocht Seirbhíse Poiblí ar bith eile agus/nó áit a bhfuair siad íocaíocht-in-ionad maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí - sa chás sin féadfaidh forálacha um lacáiste ar phinsin seirbhíse poiblí a bheith i bhfeidhm.

Uaireanta fostaíochta

- Beidh 37 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ann mar uaireanta oibre, nach n-áiríonn sosanna lóin agus am a chaitear ag taisteal chuig an Ollscoil agus ón Ollscoil.

Laethanta Saoire

- 27 lá de laethanta saoire in aghaidh na bliana.

Promhadh

- Beidh tréimhse phromhaidh trí mhí ann, ina mbeidh athbhreithniú leanúnach ar an bhfeidhmíocht. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh ar lánrogha na hOllscoile.

Rúndacht

- Coinneoidh an t-iarrthóir rathúil faoi rún agus faoi chosaint iomlán le linn thréimhse an Chonartha gach eolas rúnda a chuirfead ar a (h)iontaoibh maidir leis an Ollscoil, nó a thiocfaidh ina s(h)eilbh mar thoradh ar a p(h)ost laistigh den Ollscoil agus a páirtithe leasmhara éagsúla.

Gnás Iarratais

- Ba chóir d'iarratais na nithe seo a leanas a áireamh:
 - Curriculum Vitae (cuir ainmneacha agus sonraí teagmhála do bheirt mholtóirí san áireamh sa doiciméad sin)
 - Litir Chumhdaigh (faoi bhráid Patricia Maguire, Uas., Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne)
- Is féidir iarratais ar chur isteach i gceachtar formáid mar seo a leanas:
 - Cóip chrua: Patricia Maguire, Uas., Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne, Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
 - R-phost: personnel@nui.ie
- Gheobhaidh na hiarrthóirí uile admháil ar a n-iarratais. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas, nó má tá fiosrú ar bith eile agat maidir leis an bpróiseas iarratais, déan teagmháil le r-phost: personnel@nui.ie nó ar an nguthán: 01-4392424 (is féidir fiosruithe a chur chuig Audraí O'Driscoll, Uas, sna maidineacha amháin).
- Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil Dé Luain, 28 Eanáir 2019 ag 5.00pm.

Gnás Measúnaithe

- Painéal Roghnúcháin: Déanfar iarratais a mheas ag Painéal Roghnúcháin, a dhéanfaidh gearrliosta d'iarrthóirí agus a chuirfidh agallaimh orthu.
- Dáta Agallaimh: Socróidh an painéal gearrliostála dáta agallaimh do mhí Feabhra 2019 agus cuirfead é sin in iúl do na hiarrthóirí uile ar an ngearrliosta. Tabharfar fógra faoi agallaimh chuig na hiarrthóirí ar an ngearrliosta seachtain ar a laghad roimh dháta an agallaimh. Tionólfar na hagallaimh in Oifigí OÉ, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
- Beidh ar iarrthóirí a fhaigheann cuireadh chun agallaimh triail ghearr scríbhneoireachta as Béarla a dhéanamh freisin.
- Cuirfead toradh a n-iarratas in iúl do na hiarrthóirí uile, in am chúí.

Fostóir comhionannas deiseanna is ea Ollscoil na hÉireann.